2015. M73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH** **MAIDIN, 9:30 – 12:30**

## TREOracha

1. Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1**, agus **CEITHRE** cheist eile.

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirfear grafpháipéar ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(100 marc)**

**Roinn A – 50 marc**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:


**(a)** Úsáideann an ríomhaire táibléid a thaispeántar teicneolaíocht an scáileáin tadhaill. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le teicneolaíocht an scáileáin tadhaill.



**(b)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus sreabháin ghearrtha á n-úsáid.

**(c)** Déan cur síos ar phróiseas na snámhachta mar mhodh deighilte mianaigh.

**(d)** As an ábhar comhchodach *snáithín carbóin* atá fráma an rothair choincheap, a thaispeántar thall, déanta. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** airí a bhaineann le snáithín carbóin a fhágann gur ábhar oiriúnach é le haghaidh frámaí rothar.




**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear cruach dhosmálta go forleathan i ndéantúsaíocht seodra.

**(f)** Déan cur síos ar an téarma *cuimhne leaisteach* agus tagairt agat do theirmeaplaistigh.


**(g)** Pléigh an méid a chuir duine **amháin** ar bith acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:

(i) James Dyson (ii) Ivan Sikorsky (iii) Jonas Hesselman.

**(h)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumhacht neomatach a úsáid seachas cumhacht leictreach i bpróisis áirithe.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le loscadh mar mhodh chun pacáistíocht pholaistiréine fhorbartha a dhiúscairt.

**(j)** Tabhair breac-chuntas ar na príomhphróisis a mbaintear úsáid astu i ndéantúsaíocht an bhairille tungstain ar shaighead, mar a thaispeántar.




**(k)** Ainmnigh próiseas uatáthaithe **amháin**.

**(l)** Tá úim shábháilteachta ar shuíochán an rollchóstóra, a thaispeántar thall, chun duine a choimeád slán sábháilte nuair a bhíonn an rollchóstóir in úsáid. Ainmnigh meicníocht oiriúnach a chinnteoidh go bhfanfaidh an úim shábháilteachta dúnta agus í in úsáid.




**(m)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí inar féidir an struchtúr cruach atá ar shuíochán an rollchóstóra a chosaint ar chreimeadh.

**Roinn B – 50 marc**

Freagair **gach ceann** acu seo a leanas:

**(n)** Tá córais instealltа breosla tagtha in áit an charbradóra thraidisiúnta mar mheán seachadta breosla i ngluaisteáin pheitril. Is gnáthghné anois an t-instealladh neamhdhíreach agus an t-instealladh díreach d'innill nua-aimseartha.




Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste **ar bith** a bhaineann le córais instealltа breosla.


**(o)** Taispeántar léaráid shimplí de chóras instealltа breosla neamh-aisfhillte.

**(i)** Ainmnigh na páirteanna **A**, **B**, **C**, **D** agus **E**.

**(ii)** Déan cur síos achomair ar phrionsabal oibríochta an chórais a thaispeántar.




**(p)** Taispeánann an léaráid thall na comhpháirteanna d'insteallaire breosla tipiciúil.




**(i)** Ainmnigh na comhpháirteanna **F**, **G** agus **H**.

**(ii)** Mínigh feidhm agus oibríocht an insteallaire.

**(q)** Braitheann córais nua-aimseartha instealltа breosla ar chomhpháirteanna agus ar bhraiteoirí iomadúla. Déan cur síos achomair ar fheidhm **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Braiteoir suíomh scóige;

**(ii)** Braiteoir lambda;

**(iii)** Braiteoir suíomh cromfhearsaide;

**(iv)** Braiteoir MAP.

**(r)** Pléigh na príomhghnéithe a bhaineann le hInstealladh Díreach agus tagairt agat dóibh seo:

- Comhuainiú instealltа
- Foirmiú an mheascáin (cóimheas aer : breosla).

**Ceist 2.** **(50 marc)**


**(a)** D'fhéadfadh *strustuirse* teacht ar roth cóimhiotail alúmanaim ar ghluaisteán, mar a thaispeántar, agus dá bhrí sin ní mór dó a bheith in ann tuairt agus ualaí turrainge a sheasamh, má bhuaileann sé in aghaidh colbhaí, mar shampla, nó má bhíonn dálaí na mbóithre go holc.



**(i)** Mínigh an téarma *strustuirse miotail.*

**(ii)** Déan cur síos mion ar thástáil mheicniúil oiriúnach a dhearbhóidh cumas an chóimhiotail alúmanaim chun tuairt nó ualaí turrainge a sheasamh.

**(b)** Taispeántar an graf Struis is Straidhne agus an sampla tástála atá á úsáid i dtástáil teanntachta.




**(i)** Sainaithin na pointí a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu ar an ngraf Struis is Straidhne.

**(ii)** Déan anailís ar iarmhairtí na tástála teanntachta ar chruth an tsampla tástála a thaispeántar ag **B** agus **C araon**.

**(c)** Is é teilgean an modh a úsáidtear chun an roth cóimhiotail alúmanaim a thaispeántar thall a dhéanamh. Mar chuid den rialú cáilíochta, scrúdaítear an roth chun a fháil amach an bhfuil lochtanna air, agus an bhfuil póiriúlacht sa teilgean nó locht ar bith eile air.



**(i)** Sainaithin tástáil neamhscriosach **amháin** chun lochtanna dromchla a aimsiú ar an roth agus tástáil neamhscriosach **amháin** chun lochtanna inmheánacha a aimsiú.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an tástáil neamhscriosach a shainaithnítear ag **(c) (i)** thuas chun lochtanna inmheánacha a aimsiú.

**Ceist 3.** **(50 marc)**


**(a)** Úsáidtear beachtscriúirí chun fóin chliste nua-aimseartha á ndíchóimeáil.



**(i)** Cén fáth ar gá próiseas teaschóireála a chur i gcrích ar bheachtscriúire de chruach charbóin?

**(ii)** Déan cur síos mion ar an bpróiseas teaschóireála is gá a úsáid ar bheachtscriúire de chruach charbóin.

**(b)** Taispeántar leagan simplithe de chuid den léaráid chothromaíochta iarainn is carbóin.




**(i)** Ainmnigh na réigiúin **A**, **B**, **C** agus **D** a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos mion ar phointe **X agus** ar phointe **Y**, agus tagairt agat do **gach ceann** acu seo a leanas:

- Pasathrú
- Comhdhéanamh
- Teocht.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas agus déan idirdhealú idir:

**(i)** Piriméadar optúil agus piriméadar teirmeachúpla;


**(ii)** Cruachan ionduchtaithe agus lasairchruachan;

**(iii)** Feirít agus péirlít;

**(iv)** Maothú agus fuarú uisce i dteaschóireáil.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Sainaithin na lochtanna pointe criostail a thaispeántar ag **A** agus **B araon**, agus déan cur síos orthu.



**A** **B**

**(b)** Taispeánann an tábla a thugtar na teochtaí soladúcháin do chóimhiotail éagsúla de mhiotal **A** agus de mhiotal **B**.

| **% de mhiotal B sa chóimhiotal** | **0** | **10** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** | **100** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladúcháin (°C)** | 1083 | 1160 | 1220 | 1270 | 1320 | 1350 | 1380 | 1400 | 1430 | 1440 | 1453 |
| **Deireadh an tsoladúcháin (°C)** | 1083 | 1080 | 1090 | 1110 | 1140 | 1170 | 1220 | 1270 | 1330 | 1380 | 1453 |

Úsáid an grafpháipéar a chuirtear ar fáil:

**(i)** Tarraing an léaráid chothromaíochta de réir na sonraí a thugtar;

**(ii)** Lipéadaigh an léaráid agus déan cur síos ar phríomhghnéithe na léaráide;

**(iii)** Déan amach ón léaráid cóimheas na bpasanna ag **1250 $^{o}$C** i gcás an chóimhiotail ina bhfuil **50% B**.

**(c)** Léirítear dhá struchtúr chriostalta sholadacha ag **X** agus **Y** sna léaráidí thíos.



**X** **Y**

**(i)** Sainaithin an **dá** struchtúr chriostalta **X** agus **Y** a thaispeántar.

**(ii)** Mínigh cén fáth arb é struchtúr **X** an struchtúr is mó a luaitear le brisce i miotail.

**(iii)** Ainmnigh miotal **amháin** bunaithe ar struchtúr **X agus** miotal **amháin** bunaithe ar struchtúr **Y**.

**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun póiriúlacht a chosc sa táthú.

**(ii)** Déan comparáid idir an leictreoid a úsáidtear i dtáthú MIG agus an leictreoid a úsáidtear i dtáthú TIG.

**(iii)** Déan cur síos ar an lasair charbraithe a úsáidtear i dtáthú ocsaicéitiléine.

**(iv)** Mol modh oiriúnach chun duine a chosaint ar **gach ceann** acu seo a leanas nuair a bhíonn táthú á dhéanamh:

- Turraing leictreach
- Diansolas ón táthú
- Múch ón táthú.

**(b)** Tá fráma táthaithe bogchruach ar an gcairt a thaispeántar.



**(i)** Roghnaigh próiseas táthaithe a bheadh oiriúnach chun an fráma a cheangal agus tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do rogha.

**(ii)** Déan cur síos mion ar na príomhphrionsabail a bhaineann leis an bpróiseas táthaithe a roghnaigh tú.

**(c)** Agus na treoirlínte seo a leanas á n-úsáid agat, déan comparáid idir tháthú séama friotaíochta **agus** spot-táthú friotaíochta:

- Cruth na leictreoide
- Prionsabal na hoibríochta
- Alt táite
- Feidhmiú.

**NÓ**

**(c)** **(i)** Mínigh tábhacht **gach ceann** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann leis an ngléas Robocoaster a thaispeántar thall:

- Céimeanna saoirse
- Imchlúdach oibríochta.



**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear róbait in-ríomhchláraithe san fhorbairt leanúnach atá ar siúl ar mheaisíní dlútha meicniúla a chuireann drithlíní gliondair ar dhaoine i bpáirceanna siamsaíochta.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear cosaintí fiacla go forleathan sa spórt ar chúiseanna sábháilteachta. As an gcomhpholaiméir theirmeaphlaisteach vinilaicéatáit eitiléine (EVA) atá an chosaint fiacla a thaispeántar déanta.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis ar bith** a bhfuil EVA oiriúnach chun cosaint fiacla a dhéanamh.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar phróiseas déantúsaíochta polaiméire a bheadh oiriúnach chun cosaint fiacla theirmeaphlaisteach a olltáirgeadh.

**(b)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas agus déan idirdhealú idir:


**(i)** Polaiméir dhímhorfach agus polaiméir chriostalta;


**(ii)** Rubar nádúrtha agus rubar sintéiseach;


**(iii)** Oibreáin chúrtha agus líontóirí;

**(iv)** Catalaíoch agus coscaire.

**(c)** **(i)** Pléigh príomhairíonna **agus** struchtúir inmheánacha **gach ceann** acu seo a leanas:


*Teirmeaplaistigh*


*Plaistigh Theirmithéachtacha*


*Leaistiméirí.*

**(ii)** Déan cur síos ar an tionchar atá ag an éagsúlacht polaiméirí atá ar fáil faoi láthair ar theicneolaíocht nua-aimseartha an dearaidh.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Sainaithin **dhá** ábhar bhealaithe **ar bith** a úsáidtear i meaisíní innealtóireachta;


**(ii)** Déan idirdhealú idir úsáid a bhaint as tomhsaire dalláin agus úsáid a bhaint as tomhsaire bearna;

**(iii)** Luaigh **dhá** úsáid a bhaintear as garda crágáin ar dheil;

**(iv)** Déan idirdhealú idir poll leacaithe agus poll fritollta;

**(v)** Ainmnigh **dhá** airí thábhachtacha a bhaineann le hábhair d'uirlis ghearrtha.


**(b)** Ní mór dromchla an chinn sorcóra in inneall, mar a thaispeántar, a líomhadh go mín réidh sula gcóimeáiltear é.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid oiriúnach mar chúnamh agat, ar phróiseas líofa dromchla do cheann sorcóra.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghuais sábháilteachta a bhaineann le húsáid meaisín líofa.

**(c)** Nuair a dhéantar meaisíniú le deil, is féidir sliseanna miotail a tháirgeadh ar nós na sliseanna atá léirithe ag **A**, **B** agus **C** thíos.




**(i)** Sainaithin na sliseanna miotail a ghearrtar mar a thaispeántar ag **A** agus **B** agus déan idirdhealú soiléir eatarthu. Bíodh tagairt agat d'airíonna na n-ábhar.

**(ii)** Déan anailís ar an tionchar a bhíonn ag foirmiú na sliseanna a thaispeántar ag **C** ar an tsábháilteacht **agus** ar bhailchríoch an dromchla.

**NÓ**

**(c)** Is gá meaisíniú CNC a úsáid i mórán cásanna i mhonaraíochta san innealtóireacht.




**(i)** Tabhair **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le meaisíniú CNC.

**(ii)** Sainaithin **dhá** thoisc is gá a chur san áireamh agus meaisíniú CNC á roghnú chun na fir fichille a thaispeántar thall a dhéanamh.

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear meicníocht péiste agus péistrotha chun an líontán eitpheile, a thaispeántar thall, a theannadh.




**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an tslí ar féidir an mheicníocht péiste agus péistrotha a thaispeántar, a fheidhmiú chun an líontán a theannadh.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar mhodh oiriúnach chun airde an líontáin a thaispeántar, a athrú.

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Feidhm teirmeastait;


**(ii)** Na buntáistí a bhaineann le himthacaí rollacha;

**(iii)** Feidhm **amháin** de chuid lasc DPDT;

**(iv)** **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le giaranna héiliciúla seachas sporghiaranna;

**(v)** Mar a oibríonn sorcóir déghníomhach neomatach.

**(c)** Tá an róbat a thaispeántar in ann gluaiseacht i roinnt treonna éagsúla. Agus tú ag úsáid léaráidí oiriúnacha, sainaithin iad seo a leanas agus déan cur síos soiléir ar **gach ceann** díobh:




**(i)** meicníocht chun lámh an róbait a bhogadh;

**(ii)** meicníocht chun a chur ar chumas an róbait bogadh ar dhromchla clárach.

**NÓ**

**(c)** Úsáidtear athsheachadáin i mórán ciorcad leictreach, rud a ligeann do chiorcaid ísealvoltais, ciorcaid ar voltas níos airde a thiomáint.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar phrionsabal oibríochta athsheachadáin.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** fheidhm a bhaintear as athsheachadáin.

Leathanach Bán

2015. M74A

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

# LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2015

## ENGINEERING - PRACTICAL
## HIGHER and ORDINARY LEVELS

**150 marks**

**27th APRIL - 8th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

### INSTRUCTIONS

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the drawing 2015. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Vice** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out and shape. |
| 7 | Brass | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 5, 8 and 9 have been made prior to examination day. Part 6 has been part-prepared. Using the screws, nut and washer supplied assemble the Vice, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

2015. M74AT

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

**INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL**
**ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

**150 marc**

**27 AIBREÁN - 8 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2015. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.


As na hábhair a sholáthraítear, an **Bhís** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 7 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 4, 5, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 6 páirtdéanta. Ag baint úsáide as na scriúnna, an cnó agus an leicneán a sholáthraítear, cóimeáil an Bhís faoi mar atá sa líníocht cóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**


1





2





3 2 De dhíth / OFF





4





5





6





7





8




9







THALL
OVER →

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2015. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

# SONRAÍ CÓIMEÁLA
# ASSEMBLY DETAILS